

# Fís Tar Éis Covid




Is cloch mhíle thábhachtach í an bhliain 2021 do TG4 mar go mbeimid ag ceiliúradh **25 bliain ar an aer**. Is bliain thábhachtach í chomh maith maidir le todhchaí Mheáin Seirbhíse Poiblí na hÉireann (PSM) a athshamhlú.

Tá **ról swaithinseach** ag PSM **sa tsochaí** i dtaobh ionadaíocht a dhéanamh ar chultúir tíre, teangacha na tíre a chur chun cinn agus tacú le tionscail na cruthaitheachta sa tír. Tá TG4 aitheanta mar **cheannródaí nuálaíochta ciosamhairc don Ghaeilge** le 25 bliain anuas.

Leanfaimid dár n-iarrachtaí ról TG4 a athshamhlú agus stádas na Gaeilge agus na Gaeltachta i sochaí na hÉireann a láidirú. Tá ról ar leith ag TG4 mar sheirbhís craolachán poiblí, agus is cuid ríthábhachtach muid **d'Éirinn atá ag athrú**.

## Na Meáin Seirbhíse Poiblí Gaeilge



### Tá Roinnt de na Deacrachtaí is Suntasáí a bhí riamh roimh na Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí le Sárú faoi Láthair

- Fás na meán Béarla a bhfuil go leor acmhainní curtha ar fáil dóibh.
- Árdáin nach gcinntíonn **feiceálacht** na meán seirbhíse poiblí.
- Daoine óga atá ag fás aníos i dtimpeallacht na meán domhanda, ina bhfuil an Béarla in uachtar.
- Neamhchothroime shuntasach i maoiniú PSM – Níl ach 18.4% d'ioncam RTÉ ó tháillí ceadúnais (2019) i gceist le maoiniú iomlán TG4.
- Tionchar ollmhór Covid-19 ar thionscail chruthaitheachta na hÉireann.

## Fís TG4 don Todhchaí

### Fís TG4 tar éis Covid 2022 - 2025


**“Le scála maoinithe den chéad ghrád agus fócas níos fearr ar chruthaitheacht neamhspleách na hÉireann, leanfaidh TG4 orainn ag mealladh agus ag sásamh an lucht féachana. Leagfaidh muid síos na bunchlocha do phobail inmharthana labhartha na Gaeilge, do thionscal rathúil idirnáisiúnta sna réigiúin agus do ról lárnach ag ábhar seirbhíse poiblí Gaeilge in Éirinn atá ag athrú”.**

Is mian linn seirbhís TG4 a threisiú agus a leathnú lena chinntiú go ndéanfar glór agus cultúr na nGael a léiriú ar an scáileán. Chuirfeadh an Fís tar éis Covid ar ár gcumas: an teagmháil atá againn le lucht féachana níos óige a mhéadú; freastal níos fearr a dhéanamh ar mhuintir na Gaeltachta & ar lucht labhartha na Gaeilge; agus, tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chuideachtaí cruthaitheachta réigiúnacha. Áirítear sa mhéid a sheachadfar thar na 4 bliana:

- **85%** de mhaoiniú breise a infheistiú san earnáil léiriúcháin neamhspleách - ábhar agus tallann nua.
- **Cainéal sainiúil do leanaí** & spás sábháilte d'ábhar do leanaí.
- **c.1,200 uair nua** d'ábhar bunaidh dírithe ar lucht féachana níos óige (15-34 bliain d'aois).
- **Tacaíochtaí ciosamhairc oideachais** do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Gaeilge agus do dhaoine fásta.
- **Seirbhísí feabhsaithe nuachta & cúrsaí reatha** do lucht labhartha na Gaeilge & do mhuintir na Gaeltachta.
- **278 uair nua** de scannáin agus drámaíocht bhunaidh i nGaeilge.
- TG4 Beo - **50 uair** d'imeachtaí nua ilchultúir beo.

### Dáileadh an Mhaoinithe Bhreise: Ardú Caiteachais faoi 2025

€37.8m



## Cruthaíonn TG4 Luach


### Cruthaíonn TG4 luach suntasach sa lá atá inniu ann:

- Cothaíonn sí íosmhéid de **420 post** FTE san earnáil ciosamhairc.
- Aimsíonn sí ábhar ó chuideachtaí i gceantair Ghaeltachta & ceantair réigiúnacha.
- Tá ról faoi leith aici maidir le héagsúlacht teangacha.
- Bíonn tionchar geilleagrach aici, go háirithe ar réigiúin na hÉireann. Tá luach **>€2 ar gheilleagar na hÉireann** ag gach **€1 a infheistíonn** TG4 i dtionscail na cruthaitheachta.

### Beidh Luach Níos Mó ag Baint le Fís TG4

#### – Príomhthorthaí:

- **c.400-500** post nua san earnáil léiriúcháin neamhspleách - fostaíocht oilte theicniúil cruthaitheach.
- **c.1,600** post náisiúnta **FTE** faoi 2025.
- Bonn a chur faoin bhfás i ngeilleagar réigiúnach na cruthaitheachta de réir mar a thiocfaimid as géarchéim Covid-19.
- Daoine cumasacha agus daoine óga a bhfuil Gaeilge acu a choinneáil i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair réigiúnacha.
- Comhlachtaí ciosamhairc a idirnáisiúin & infheistíocht dhíreach iasachta san earnáil a mhéadú.
- Teagmháil na n-óg leis an nGaeilge a chothú - cothromaíocht a thabhairt ar ais don déimeagrafaíocht sna meáin Ghaeilge.
- Borradh a chur faoin lucht féachana agus dul i ngleic le bearnaí i dtaobh soláthar ábhair.




## ÉICEACHÓRAS COTHROM PSM

D'fhonn Fís TG4 a bhaint amach, iarrtar leis an aighneacht seo go gcinnteoidh an Rialtas go ndéanfar maoiniú cuí ar sholáthar na meán seirbhíse poiblí Gaeilge agus go mbainfear cothromaíocht amach maidir le héiceachóras PSM na hÉireann.

### Cóimheas Maoinithe Phoiblí

- RTÉ
- Fuaim & Fís
- TG4
- Fís Éireann



- Tá TG4 ag lorg méadú €9-10m ar mhaoiniú poiblí in aghaidh na bliana go ceann 4 bliana - méadú €37.8m faoi 2025.
- Ba chóir méid atá comhionann le méid an mhaoinithe poiblí a leithdháiltear ar RTÉ a roinnt idir Fís Éireann, TG4 agus Ciste Fuaim & Físe an Údaráis Craolacháin, mar mhaoinitheoirí ábhar seirbhíse poiblí.
- Beidh maoiniú poiblí TG4, is é sin €78.6m, comhionann le 40% d'ioncam RTÉ ó tháill ceadúnais don bhliain 2019. Cé gur beag an méid sin le hais an mhéid a fhaigheann RTÉ gach bliain, léireofar cothromas níos fearr dá bharr sin agus beidh sé ina chúnamh le héiceachóras ollmhór PSM na hÉireann a leasú.